**A ndúirt an tUachtarán Metsola ag an gComhairle Eorpach, an 27 Meitheamh 2024**

Go raibh maith agat, a Charles.

Ar dtús, ba mhaith liom a rá gur geal le Parlaimint na hEorpa an comhshocrú nua um chomhar slándála nua idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach.

Bhí mé i gCív go deireanach an 9 Bealtaine, agus is amhlaidh, agus mé ann, a thug údaráis na hÚcráine léargas dom ar an obair dhícheallach ar fad agus na hathchóirithe go léir atá siad a dhéanamh chun ullmhú don ré úr seo sa chaidreamh eadrainn. Agus is den tábhacht shiombalach é go raibh an tUachtarán Zelenskyy anseo chun an ócáid a chomóradh agus léiriú is ea é seo ar ár dtiomantas frithpháirteach dár slándáil choiteann agus don chinniúint is coiteann dúinn.

Céim shuntasach agus thábhachtach ba ea an chéim a glacadh chun tús a chur le cainteanna foirmiúla leis an Úcráin agus leis an Moldóiv an mhí seo i dtaobh ballraíocht a ghlacadh san Aontas. Tá léirithe ag Parlaimint na hEorpa go bhfuil sí go mór i bhfách le tús a chur leis an gcaibidlíocht ar aontachas leis an Aontas Eorpach. Ní luafaidh mé athuair na tairbhí uile a bhaineann leis an uirlis gheopholaitiúil is láidre atá againn, ach ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hUachtaránacht na Beilge as na chéad chomhdhálacha idir-rialtasacha seo a thionól agus, ar an gcaoi sin, céim straitéiseach thábhachtach a ghlacadh ó thaobh an Aontais Eorpaigh de. Ní mór é a bheith ina phríomhthosaíocht i gcónaí againn sa chéad timthriall institiúideach eile ár nAontas a ullmhú faoi choinne a dhul i méid.

Tá coicís go leith caite ó bhí ann do na toghcháin Eorpacha. Is follasaí go mór anois dúinn cé na nithe a bhfuil an pobal ag dréim leis go ndéanfaimid dul chun cinn ina leith sna cúig bliana amach romhainn. Is é an dúshlán atá anois ann ná clár polaitiúil don Aontas Eorpach a dhéanamh de na teachtaireachtaí toghcháin úd. Clár atá dáiríre, is féidir a bhaint amach agus is féidir a chur chun feidhme.

Tréimhse fhada ba ea tréimhse an fheachtais toghcháin. Thug an pobal a nguth agus ba cheart do gach duine againn machnamh a dhéanamh ar na teachtaireachtaí a chuir siad in iúl i dtaobh cé na bearta ba mhaith leo go nglacfaí sa Pharlaimint.

Tá iarrtha ag an bpobal go ndéanfaimis ár luachanna a chosaint go láidir agus go mbeadh an tslándáil ina príomhthosaíocht i gcónaí againn. Fágann sé sin nach mór dúinn leanúint dár dtacaíocht don Úcráin.

Fágann sé sin freisin gur gá níos mó a dhéanamh chun cur le cumas na hEorpa freagairt ar gach cineál géarchéime agus lena neamhspleáchas straitéiseach.  Chuige sin, tá géarghá le fíor-chomhbheartas slándála agus cosanta a fhorbairt. Comhbheartas a chomhlánódh ECAT gan dul san iomaíocht leis.

Sa reachtas reatha, tá roinnt de na bunchlocha leagtha cheana againn. D'oibrigh muid le chéile chun cur lenár gcumais, chun dúbailt a laghdú agus chun ilroinnt na dtionscal cosanta a mhaolú. Is é an chéad chéim eile atá ann ná bonn tionsclaíoch cosanta láidir a bhunú.

Ar ndóigh, tá sé sin fite fuaite leis an bplé ar iomaíochas na hEorpa, rud atá ríthábhachtach ó thaobh an gheilleagair agus na polaitíochta de. Le blianta beaga anuas, tá athrú tagtha ar an gcaoi a mbíonn na cumhachtaí eacnamaíocha domhanda ag idirghníomhú agus ag trádáil le chéile, agus ar an gcaoi a mbreathnaíonn siad ar a dtionscail féin i leith na hEorpa. Léiríonn sé sin gur gá ionad na hEorpa ar an ardán domhanda a threisiú.

Níor cheart dúinn sinn féin a scaradh amach ón saol mór, áfach. Is amhlaidh atá borradh tagtha faoinár ngeilleagar le blianta beaga anuas toisc go ndearna muid a mhalairt glan. Trádáil oscailte, chothrom agus chóir atá bunaithe ar rialacha idirnáisiúnta. Ár líonra comhaontuithe trádála le comhpháirtithe a leathnú trí na cinn atá ar na bacáin againn a thabhairt i gcrích agus a dhaingniú. Is gá dúinn dlús a chur lenár n-iarrachtaí.

Chun iomaíochas na hEorpa a neartú, caithfear an Margadh Aonair a dhoimhniú freisin, rud a chuirfidh i gcomhréir athuair le riachtanais an chomhthéacs reatha é, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh inár ngeilleagair. Ní féidir linn spleáchais straitéiseacha a laghdú agus fós tacú le fás eacnamaíoch, agus é a chothú, ag an am céanna, ach trí tháirgiúlacht a mhéadú agus trí dhlús a chur le hinfheistíochtaí i gcumais thionsclaíocha dílse.

Is é an Margadh Aonair is mó a chuireann borradh faoin ngeilleagar agus is gá é sin a léiriú agus cothromú á dhéanamh ar ár bpobail. Sin é an dóigh a músclaíonn muid dóchas inár saoránaigh go mbeidh siad in ann tithíocht oiriúnach a aimsiú. An dóigh a dtugaimid aghaidh ar na héagothromaíochtaí sóisialta sin, ar an mbochtaineacht idirghlúine sin agus ar an eisiamh sóisialta sin atá fós ag déanamh difear dár bpobail.

Is é atá ag teastáil ón bpobal uainn ná réitigh pholaitiúla agus bheartais - ach ní gan dua a thiocfar ar réitigh den sórt sin. Má táimid chun teacht ar an gcumas agus an leachtacht is gá chun na réitigh atá á n-éileamh orainn ag ár saoránaigh a chistiú; má táimid le borradh a chur faoinár ngeilleagair agus ár bhfiacha a aisíoc, ní mór dúinn a bheith dáiríre faoi bhealaí nuálacha a aimsiú chun infheistíocht phoiblí agus infheistíocht phríobháideach araon a chothú.

Céim thábhachtach sa treo ceart ba ea an chéad mhéadú riamh ar na huasteorainneacha in athbhreithniú meántéarma ar bhuiséad fadtéarmach reatha an Aontais, ach ní fada uainn na hullmhúcháin don chéad CAI eile. I dtaca leis sin de, is gá dúinn a áirithiú go mbeidh ann do bhuiséad a bheidh oiriúnach don fheidhm.

Caithfimid freisin plé ceart a dhéanamh ar ilroinnt ár n-earnála airgeadais agus, go sonrach, ar na bacainní ar shreafaí caipitil ar fud ár nAontais. Anois, is maith is eol dom nach rud nua é seo ach is cinnte gur rud é a bhfuil práinn úr leis.

Má táimid dáiríre faoi chaipiteal príobháideach a shlógadh chun infheistíocht a dhéanamh inár dtosaíochtaí, agus chun ár gcuideachtaí a dhreasú le fanacht san Eoraip, is gá dúinn freisin an tAontas Baincéireachta agus Aontas na Margaí Caipitil a chomhlánú. Sin é an dóigh a gcothóidh muid fás eacnamaíoch, a gcruthóidh muid poist nua ar ardchaighdeán agus a n-áiritheoidh muid go mbeidh saol faoi dhínit ag ár saoránaigh san am atá le teacht. Ní mór dúinn a áirithiú nach dtitfidh muidne ná ár saoránaigh chun deiridh.

Tá imní ar dhaoine faoina bheith in ann a gcuid billí a íoc. Faoina bheith in ann a bpost a choinneáil nó a bheith d’acmhainn acu a dteach féin a cheannach. Bíodh an teachtaireacht toghcháin anseo ina lón machnaimh dúinn.

Is fúinne atá sé réitigh a aimsiú ar na deacrachtaí úd ar bhealach uaillmhianach agus tuisceanach. Óir siúd is go bhfuil na spriocanna atá againn an-uaillmhianach go deo agus go bhfuil muid, mar is ceart, an-mhórálach astu, tá an baol ann nach ndéanfar dul chun cinn mar gheall ar ualaí, ar mhaorlathas agus, go deimhin, ar rómhaorlathas.

D’fhéadfadh údar maith a bheith le gach Rialachán ach caithfimid a áirithiú nach mbeidh siad, i dteannta a chéile, ina n-ualach iomarcach.  Ní mór ár moltaí dul chun tairbhe teaghlach. Dul chun tairbhe an tionscail. Dul chun tairbhe feirmeoirí. A mhéid a bhaineann le dul chun cinn a dhéanamh i leith an aistrithe ghlais agus i leith an aistrithe dhigitigh, níor cheart aon duine a fhágáil ar lár. Tá tábhacht lena gcur chun feidhme. Ní mór dúinn díriú air sin anois.

Sin é an dóigh ar féidir linn an Eoraip a thabhairt pas níos gaire d’Eoraip inar mhaith lenár ndaoine a bheith ina gcónaí. An dóigh ar féidir linn machnamh a dhéanamh ar an teachtaireacht a chuir na toghthóirí in iúl. An dóigh a ndéanfaimid Eoraip níos láidre, níos sábháilte, níos cothroime agus níos fearr a thógáil do mhuintir uile na hEorpa.

Agus éilíonn clár láidir go mbeadh foireann láidir ann chun muid a thabhairt chun cinn. Téann an dá rud i bpáirt le chéile.

Chuir mé ar an eolas sibh an tseachtain seo caite faoi chéad chéimeanna eile Pharlaimint na hEorpa sa phróiseas chun an chéad Uachtarán eile ar an gCoimisiún a thoghadh ach siod é an scéala is déanaí daoibh. Ó tháinig muid le chéile go deireanach, d’fhreastail Charles Michel ar an gcruinniú de Chomhdháil na nUachtarán i bParlaimint na hEorpa chun dul i gcomhairle le ceannairí na ngrúpaí polaitiúla. Tá Parlaimint na hEorpa fós go mór i bhfách le próiseas na bPríomhiarrthóirí agus deimhníonn muid go bhfuil Páirtí an Phobail Eorpaigh ar an ngrúpa polaitiúil is mó i bParlaimint na hEorpa athuair.

Urramóidh muid próis chuí an dlí agus tar éis daoibh an t-ainm ón gComhairle Eorpach a chur in iúl dúinn, tabharfaidh muid cuireadh don duine sin bualadh le ceannairí na ngrúpaí Dé Máirt. Is é an aidhm atá ann cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarrthóir atá in ann an tromlach

cáilithe is gá a bhaint amach sa Pharlaimint le bheith ar an gcéad Uachtarán eile ar an gCoimisiún. Iarrthóir ag a bhfuil clár polaitiúil atá in ann na príomhtheachtaireachtaí toghcháin a chur in iúl agus tuairimí thromlach an Tí a léiriú.

Geallaim athuair daoibh go bhfuil mé féin agus mo chomhghleacaithe réidh le dlús a chur leis an bpróiseas rianúil le haghaidh Uachtarán nua ar an gCoimisiún a thoghadh gan mhoill a luaithe a bheidh a hiarrthóir curtha ar aghaidh ag an gComhairle Eorpach agus le haghaidh éisteachtaí na gCoimisinéirí ina dhiaidh sin.

Go raibh maith agaibh.